Ar na cúiseanna sin, shocraigh EPSO agus institiúidí an Aontais Eorpaigh gur féidir 5 theanga ar a mhéad a thairiscint mar theanga 2.

Ar na cúiseanna céanna, tá ciall le gan a bheith ann mar theanga cumarsáide idir iarrthóirí a bhfuil iarratas bailí déanta acu agus na hinstitiúidí (an teanga ina líonfar isteach an t-iarratas san áireamh) ach an teanga a roghnaigh an t-iarrthóir mar theanga 2.

**Conas a chinntear na teangacha ar féidir teanga 2 a roghnú as a measc?**

Iarrann institiúidí an Aontais Eorpaigh ar earcaigh nua a bheith ábalta cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach láithreach le linn na hoibre laethúla le comhghleacaithe, geallsealbhóirí agus comhshaoránaigh. Mura bhféadfaidís sin a dhéanamh, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór ar obair éifeachtúil na n-institiúidí.

D'fhonn a oiread iarrthóirí agus is féidir a chuimsiú a bhfuil ceann amháin de na 5 cinn de na teangacha cumarsáide thuasluaite acu, iarrtar ar iarrthóirí gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh atá acu ar an leibhéal is gá a lua. Ansin, scrúdóidh EPSO gach foirm iarratais a bailíochtaíodh faoin gcéad sprioc-am, d'fhonn na teangacha a dhearbhaigh na hiarrthóirí a bheith acu ar leibhéal B2 nó os a chionn a chur in ord íslitheach, agus sin a chur i gcomparáid le riachtanais na seirbhíse féachaint rogha oiriúnach a dhéanamh. Ar an mbonn sin cinnfidh EPSO, ina cháil mar údarás ceapacháin, na 5 theanga ina bhféadfar triail an agus trialacha an ionaid measúnaithe a dhéanamh (i.e. teanga 2), agus cuirfear in iúl duit ***go luath i ndiaidh an sprioc-ama le clárú***, cé na teangacha sin.

3) ***Coinníollacha sonracha — cáilíochtaí agus taithí oibre***

**Grád SC 1 agus grád SC 2**

— Oideachas iar-mheánscoile a mhair 1 ***bhliain amháin ar a laghad***, agus dioplóma bainte amach dá bharr a bhaineann go díreach le dualgais an phoist

**nó**

— Oideachas meánscoile agus dioplóma bainte amach dá bharr lena bhféadfaí leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile, agus taithí oibre 3 ***bliana ar a laghad*** a fuarthas ina dhiaidh sin i réimse a bhaineann go díreach le dualgais an phoist

**nó**

— Oiliúint ghairmiúil (atá coibhéiseach le Leibhéal 4 den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí – http://ec.europa.eu/ploteus/search/site?f%5B0%5D=im_field_entity_type%3A97) a mhair 1 ***bhliain amháin ar a laghad*** agus ***taithí oibre 3 bliana ar a laghad*** a fuarthas ina dhiaidh sin. Ní mór baint dhíreach a bheith ag an oiliúint agus ag an taithí araon le dualgais an phoist.

***NB: Na blianta de thaithí oibre atá luaite thuas, ní ghlacfar leo mar chuid de na blianta de thaithí oibre a iarrtar thíos.***

Tá samplaí d'íoscháilíochtaí in IARSCRÍBHINN III.

**Taithí oibre bhreise:**

**— Grád SC 2 amháin**

***Ceithre bliana ar a laghad*** de thaithí oibre bhreise a bhaineann go díreach le dualgais an phoist.

Ní chuirfear an taithí oibre sin san áireamh ach amháin má fuarthas í i ndiaidh bhaint amach na cáilíochta agus/nó na taithí oibre a theastaíonn le cur isteach ar an gcomórtas (féach grád SC 1 agus grád SC 2 thuas).

**CONAS A DHÉANFAR AN ROGHNÚ**

1) ***Iarratas a dhéanamh***

Tá 2 chuid san fhoirm iarratais:

i) Ní mór an chéad chuid a líonadh isteach faoin sprioc-am le clárú, atá luaite san fhógra comórtais seo. Agus an chéad chuid sin den fhoirm iarratais á líonadh isteach agat, iarrfar ort a dheimhniú go bhfuil tú incháilithe don chomórtas agus ***na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil sé ar do chumas iad a úsáid go neamhspleách agus ina bhfuil leibhéal B2 nó os a chionn agat a lua (ní mór 2 theanga ar a laghad a lua)***. Go luath i ndiaidh an sprioc-ama cuirfear in iúl duit cé na 5 theanga inar féidir céim an mheasúnaithe a dhéanamh. Féadfaidh tú an chuid seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is ionann an chéad chuid den iarratas a bhailíochtú agus a dhearbhú ar d'fhocal go gcomhlíonann tú na coinníollacha ar fad atá luaite sa roinn "Na coinníollacha incháilitheachta".

*IARSCRÍBHINN I*

**DUALGAIS**

Tá institiúidí an Aontais ar lorg rúnaithe/cléireach chun cúraimí éagsúla riaracháin, cumarsáide agus/nó airgeadais a dhéanamh.

Is éard a dhéanann rúnaithe/cléirigh go ginearálta, tacaíocht a thabhairt do dhuine/roinn/aonad amháin nó do roinnt daoine/ranna/aonad agus is minic gur le huirlisí ríomhaireachta amhail próiseálaithe focal, scarbhileoga nó bunachair sonraí a dhéantar sin. Dá bhrí sin, tá máistreacht ar na huirlisí ríomhaireachta sin de dhíth.

Seo samplaí de na cúraimí éagsúla is féidir a bheith le déanamh:

— doiciméid a ullmhú, a phróiseáil, a thabhairt chun críche agus a sheiceáil (cur in eagar, leagan amach leathanach, formáidiú, táblaí) le ríomhchláir shainiúla;

— doiciméid a bhainistiú (e.g. doiciméid, tuarascálacha agus comhfhreagras a ghlacadh, a phróiseáil, a chomhdú agus obair iardain a dhéanamh orthu, súil a choinneáil ar sprioc-amanna, aircíviú);

— páirt a ghlacadh i ndréachtú preas-eisiúintí, tuarascálacha agus téacsanna eile le haghaidh cineálacha éagsúla meán cumarsáide;

— páirt a ghlacadh in ullmhú cur i láthair ar ghníomhaíochtaí cumarsáide do lucht éisteachta laistigh agus lasmuigh den institiúid;

— comhaid cur chun feidhme buiséid a láimhseáil i gcomhréir leis na rialacha airgeadais atá i bhfeidhm (monatóireacht riarthach ar ghlaonna ar thairiscintí, ullmhú conarthaí, monatóireacht ar idirbhearta a bhaineann leo sin, etc.);

— comhaid maidir le baill foirne nó cásanna a láimhseáil agus obair iardain a dhéanamh orthu;

— faisnéis a lorg, a thiomsú agus a scaipeadh (bunachair sonraí agus comhaid a thabhairt cothrom le dáta);

— gníomhaíochtaí riaracháin an aonaid/na roinne a eagrú agus a chomhardú (cruinnithe, taisteal oifigiúil, ceannach earraí, etc.);

— dialann an aonaid/na roinne a choimeád agus a choinneáil cothrom le dáta, glaonna a ghlacadh, teachtaireachtaí a ghlacadh.

Deireadh IARSCRÍBHINN I. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.

